Tríd an meascán seo de chianéisteachtaí agus éisteachtaí fisiciúla, tugtar an deis don Bhinse anois cianéisteachtaí a reáchtáil d'achomharcóirí a mbíodh orthu taisteal achair shuntasacha chun freastal ar éisteacht fhisiciúil i mBaile Átha Cliath.

De réir mar a bhogfaimid ar aghaidh, leanfaidh an Binse den mhodh ina n-oibrímid a chur in oiriúint agus a fhorbairt lena chinntiú gur féidir linn an leibhéal is fearr seirbhísí ar líne agus fisiciúla a chur ar fáil do gach aon duine a bhaineann leas as ár meicníocht achomhairc.

Bhí an bhliain 2021 ina bliain an-ghnóthach ag an mBinse. Mhéadaíomar ár líon foirne agus painéal chomhaltaí gairmiúla an Bhinse d'fhonn líon níos mó achomhairc a chur chun cinn agus a shocrú. In ainneoin na paindéime a leanann go fóill, cuireadh **747** achomharc i gcrích, arb é sin an líon is mó a chuir an Binse i gcrích riamh, agus arb é is mó is cúis leis an líon sin an t-aistriú chuig achomhairc a éisteacht ó chian agus an córas achomhairc a chuíchóiriú le go bhféadfadh páirtithe dul i dteagmháil lena chéile d'fhonn achomhairc a aontú gan dul i mbun éisteacht iomlán

I bhfianaise gur ón mbaile is mó a d'oibrigh baill foirne an Bhinse le linn na bliana 2021, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis na baill foirne agus ar ndóigh, le comhaltaí an Bhinse, as ucht a gcuid tiomantais agus éifeachtúlachta ionas go mbeadh 2021 ina bliain tháirgiúil agus rathúil eile againn.

Leanfaidh an Binse Luachála i mbun ár bpríomhfheidhm reachtúil a chur ar fáil ó thaobh achomhairc a éisteacht, ar trí sin a chuirtear ar chumas ár bpáirtithe leasmhara ar fad (údaráis áitiúla, íocóirí rátaí tráchtála agus úinéirí láithreáin thréigthe nó láithreáin fholmha) feidhmiú le sábháilteacht airgeadais níos fearr. Sa chomhthéacs seo, táimid dúthrachtach faoi na prionsabail is airde ó thaobh rialachas

corparáideach de, arb é is cionsiocair le cuibhiúlacht, cothromaíocht agus aonfhoirmeacht níos fearr i ndáil le maoin tráchtála agus tionsclaíochta, láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha a luacháil.

Brendan Buggy

Cláraitheoir an Bhinse Luachála

Ról an Bhinse Luachála

Comhlacht neamhspleách reachtúil is ea an Binse Luachála a bunaíodh i dtosach báire faoin Acht Luachála 1988 agus a coimeádadh i bhfeidhm faoi na hAchtanna Luachála 2001 – 2015, chun achomhairc in aghaidh chinntí an Choimisinéara Luachála (i.e. an Oifig Luachála) a éisteacht maidir le maoin trachtála a luacháil agus a athluacháil chun críocha rátála. Chomh maith leis sin, éisteann an Binse achomhairc a dhéanann úinéirí láithreán tréigthe in aghaidh cinneadh údarás áitiúil maidir le luach margaidh na láithreán sin faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Ó thosach feidhme an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 i leith, éisteann an Binse achomhairc i ndáil le cinntí ar luach margaidh láithreán folamh faoin Acht sin.

D'fhéadfaí achomharc a dhéanamh chuig an mBinse de bharr an chandaim a bhaineann le luacháil maoiné nó hinrátaitheacht maoiné. D'fhéadfadh an Binse achomharc a dhícheadú agus trí sin a dhéanamh, cinneadh an Choimisinéara a dhearbhu; achomharc a cheadú agus luacháil na maoiné a leasú; nó cinneadh a dhéanamh gur chóir an mhaoin atá faoi achomharc a chur san áireamh ar an liosta luachála nó a chur as an áireamh.

Foilsítear breitheanna agus cinntí an Bhinse agus tá siad ar fáil don phobal i gcoitinne, do chleachtóirí ábhartha agus do pháirtithe leasmhara eile ar láithreán gréasáin an Bhinse ag www.valuationtribunal.ie. Tá breith ón mBinse ina breith dheiridh, faoi réir cead achomhairc chuig an Ard-Chúirt ar pointe dlí. Leagtar amach struchtúr rialachais an Bhinse Luachála in **Aguisín A**.

Comhdhéanamh an Bhinse Luachála (Comhaltaí an Bhinse)

Tá 35 comhalta ar an mBhinse faoi láthair, lena n-áirítear Cathaoirleach amháin, 8 Leaschathaoirligh, agus 26 Gnáthchomhalta, a oibríonn i ngairmeacha dlíthiúla/suirbhéireachta cairte den chuid is mó. Ceaptar gnáthchomhaltaí ar feadh téarma cúig bliana agus d'fhéadfaí iad a cheapadh ar feadh téarma cúig bliana eile. Is féidir gnáthchomhaltaí a chur san áireamh do ról mar Leaschathaoirleach. Leagtar amach comhaltas an Bhinse in **Aguisín B**.

Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann comhaltaí an Bhinse i ndiaidh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí tabhairt faoi phróiseas earcaíochta fairsing.

Tagann an Binse Luachála le chéile i gcomhair cruinnithe i rannáin de thriúr agus déanann an Cathaoirleach nó duine de na Leaschathaoirligh cathaoirleacht ar na cruinnithe. Mar gheall ar athruithe a tugadh isteach i ndáil le Sceideal 2 den Acht Luachála 2001, (a rinneadh faoin Acht Luachála (Leasú) 2015), is féidir le comhalta aonair den Bhinse achomharc a éisteacht nuair a mheastar gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc gan tabhairt faoi éisteacht ó bhéal (i.e. achomharc bunaithe ar dhoiciméad).

Íoctar comhaltaí i gcomhréir leis an Sceideal Táillí a cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i leith achomhairc a éisteacht, freastal ar chruinnithe rannáin, breitheanna a scríobh nó a athbhreithniú, in éineacht le liúntas taistil agus cothabhála. Tá leibhéal ard saineolais, ionracais agus neamhchlaontachta i gceist le bheith i do chomhalta den Bhinse agus go hiondúil, léiríonn comhaltaí tacar sainscileanna éagsúil agus láidir

I measc na dtacar sainscileanna is tábhachtaí díobh sin tá eolas ar an gcreat reachtaíochta a rialaíonn luacháil maoine inráitithe in Éirinn agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun luachálacha atá cinnte ag an gCoimisinéir Luachála a achomharc. Léiríonn comhaltaí de chuid an Bhinse Luachála breithiúnas grinn, stuaim, discríd agus cothrom na Féinne agus iad a thabhairt faoina ról reachtúil i gcinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc atá faoina mbráid.


Faigheann comhaltaí an Bhinse Luachála tacaíocht riaracháin ón líon beag foirne in oifigí an Bhinse Luachála i dTeach Holbrook, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2.

Tacaíocht Riaracháin

Tacaíonn baill foirne an Bhinse Luachála le feidhm riaracháin an Bhinse agus déanann siad maoirseacht ar reáchtáil ó lá go lá. Is é an Clárúitheoir an t-oifigeach is sinsearaí den Bhinse a fhaigheann tacaíocht ó Leas-Chlárúitheoir (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), Bainisteoir Riaracháin Oifige (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) agus cúigear Oifigigh Fheidhmiúcháin agus seachtar Oifigigh Chléireachais.

In 2021, bhí baint ag an bhfoireann riaracháin le 747 achomharc a thabhairt chun críche. Bhain an próiseas sin le bainistiú a dhéanamh ar liostaí de réir cáis, cúnaimh ginearálta a chur ar fáil d'achomharcóirí, freagróirí agus páirtithe leasmhara, comhfhreagras reachtúil a eisiúint agus tacú le comhaltaí an Bhinse ar bhonn laethúil.

Le linn na bliana 2020, d'earcaigh an Binse foireann riaracháin breise a thug lín iomlán foirne an Bhinse go 15 (Fostaithe Lánaimseartha) ag deireadh na bliana.



Tacaíocht Riaracháin na Bhinse Luachála 2021

Oibríonn an Binse Luachála i dtimpeallacht straitéiseach, agus bíonn tionchar díreach ag cinntí an Bhinse ar chúrsaí airgid na hearnála gnó agus na n-údarás áitiúil araon. Tá méadú as cuimse tagtha ar líon na n-achomharc a chuirtear faoi bhráid an Bhinse agus táthar ag súil go leanfar den treocht sin i bhfianaise an chláir náisiúnta athluachála atá fós ar bun ag an Oifig Luachála.

Is ionann an chéad luacháil náisiúnta a chur i gcrích ó lár an naoú haois déag agus gach limistéar údarás áitiúil a chur ar an timthriall leanúnach i ndáil le luachálacha dá bhforáiltear sna hAchtanna Luachála 2001-2020, agus athrú ó bhonn agus nuachóiriú ar fad ar an gcóras luachála inrátáilte. Bhí iarmhairtí suntasacha ar ualach oibre an Bhinse Luachála mar gheall ar an gclár náisiúnta athluachála.

Mar chuid de chlár bainistíochta athruithe foriomlán an Bhinse Luachála, tá tús curtha ag an mBinse (go luath sa bhliain 2021) le hobair ullmhúcháin ar a phlean fórsa oibre straitéiseach, a bhfuil sé mar aidhm leis Bainistíocht AD sa Bhinse

Luachála a ailíniú lena ceanglais oibríochta agus cuspóirí straitéiseacha agus ar an gcaoi sin solúbthacht eagraíochta a mhéadú nuair atáthar ag freagairt do thosaíochtaí Rialtais agus do thimpeallacht atá ag athrú. Áiríodh air sin an líon foirne a mhéadú chun go mbeadh an Binse ábalta tabhairt faoina ról reachtúil ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Fothacaíocht Reachtúil an Bhinse Luachála

Áirítear ar an bpríomhreachtaíocht a thacaíonn le hobair an Bhinse Luachála:

- Na hAchtanna Luachála 2001-2020 (Uimh. 13 de 2001) a tháinig i bhfeidhm ar dtús an 2 Bealtaine 2002
- An tAcht Luachála (Leasú) 2015 (Uimh. 10 de 2015) a tháinig i bhfeidhm an 23 Aibreán 2015
- An tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990 (Uimh. 14 de 1990) a tháinig i bhfeidhm an 27 Meitheamh 1990
- An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 (Uimh. 33 de 2015) a tháinig i bhfeidhm an 28 Iúil 2015
- An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Alt 31) Ordú 2020 - I.R. Uimh. 518/2020

Na hAchtanna Luachála 2001-2020

Is é an tAcht Luachála 2001 an príomhreachtaíocht trína rialaítear maoin a luacháil chun críocha rátála in Éirinn. In Alt 12 den Acht Luachála 2001, foráiltear do bhunú leanúnach an Bhinse Luachála. In Alt 34 go hAlt 40 den Acht, leagtar amach an mheicníocht d'achomhairc atá le déanamh chuig an mBinse. I sceideal 2 den Acht, leagtar amach na nósanna imeachta don Bhinse Luachála féin.

An tAcht Luachála (Leasú) 2015

San Acht seo, déantar nuashonruithe agus leasuithe ar fhorálacha áirithe den Acht Luachála 2001. I ndáil leis an mBinse Luachála go háirithe, san Acht Luachála (Leasú) 2015, déantar leasú maidir leis na forais inar féidir achomharc a dhéanamh chuig an mBinse. Faoi Alt 38 den Acht seo, ceadaítear don Bhinse cinneadh a dhéanamh ar chás bunaithe ar aighneachtaí i scríbhinn agus atá bunaithe ar fhianaise i ndoiciméid amháin, seachas trí achomharc ó bhéal.

An tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990

Is féidir le húinéir Láithreáin Thréigthe achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála in aghaidh cinneadh a dhéanann údarás áitiúil ar luach margaidh an láithreáin sin. I gcomhréir le halt 22(4) den Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, is féidir le húinéir talamh uirbeach achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála in aghaidh cinneadh a dhéantar ar luach láithreáin de réir mar a chinneann Údarás Áitiúil faoi fho-alt 1 d'alt 22 den Acht. Níl cumhacht ag an mBinse ach amháin chun déileáil leis an luach margaidh a chinntear faoin Acht seo d'fhonn an tobhach i ndáil le láithreáin thréigthe a chuireann údarás áitiúil i bhfeidhm a ríomh.

An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015

I gcomhréir le halt 13(1) den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, is féidir le húinéir láithreáin fholaimh achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála in aghaidh cinneadh a dhéanann údarás áitiúil ar an luach margaidh atá ag láithreán faoin Acht. Níl cumhacht ag an mBinse ach amháin chun déileáil leis an luach margaidh a chinntear faoin Acht seo d'fhonn an tobhach i ndáil le láithreáin fholmha a chuireann an t-údarás áitiúil i bhfeidhm a ríomh agus ní thugtar cumhacht dó déileáil le saincheisteanna eile ar bith a thagann chun cinn idir na páirtithe.


An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Alt 31) Ordú 2020 - I.R. Uimh. 5 518/2020

Tríd an ionstraim reachtúil seo, ainmnítear an Binse Luachála ina chomhlacht atá ábalta éisteachtaí atá faoina bhráid a thionól go cianda.

Gníomhaíocht Achomhairc an Bhinse Luachála

An Clár Náisiúnta Athluachála

Mar chuid den chlár náisiúnta athluachála atá ar siúl faoi láthair (ag an Oifig Luachála), tá gach maoin tráchtála agus tionscail inráitithe á luacháil. Is ionann an chéad luacháil náisiúnta a chur i gcrích ó lár an naoú haois déag agus gach limistéar údarás áitiúil a chur ar an timthriall leanúnach céanna i ndáil le luachálacha dá bhforáiltear sna hAchtanna Luachála 2001-2020, agus athrú ó bhonn agus nuachóiriú ar fad ar an gcóras luachála inráitithe. Tá ardú suntasach tagtha ar líon na n-achomharc a chuirtear ar aghaidh chuig an mBinse Luachála de bharr an chláir athluachála náisiúnta.



Baineann an méadú i líon na n-achomharc a fuair an Binse sna blianta 2017⁶ agus 2019⁷ le gnéithe den chlár náisiúnta athluachála maidir le limistéir riaracháin a cuireadh i gcrích ar fud sciartha áirithe d'údaráis áitiúla. Bhí an chéad athluacháil shuntasach eile le cur i gcrích sa bhliain 2021 ach mar gheall ar Covid-19, tá an athluacháil a beartaíodh don bhliain 2021

curtha siar. Luaigh an Oifig Luachála go bhfoirseofar na hathluachálacha nua do na ceantair a ndéanfar athluacháil⁸ orthu i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm chun críocha rátaí ón mbliain 2024 ar aghaidh.

Ag tús na bliana 2021 bhí thart ar 2,247 achomharc idir lámha ag an mBinse. Tá miondealú ar Gníomhaíocht Achomhairc an Bhinse Luachála 2015 – 2021 leagtha amach thíos.

Gníomhaíocht Achomhairc an Bhinse Luachála 2015-2021							
	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021

⁶ Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Liatroim, An Longfort, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, an Iarmhí agus Baile Átha Cliath Theas

⁷ An Cabhán, Fine Gall, Lú, an Mhí, Muineachán, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin.

⁸ Táthar ag súil go mbeidh sé ar an dara Athluacháil a dhéanfar ar an limistéar údaráis rátála Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin agus ar an gcéad Athluacháil a dhéanfar ar limistéir údaráis rátála Chomhairle Contae an Chláir, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Líon na nAchomharc idir Lámha ag Tús na Bliana	1,028	555	312	1,384	1,157	2,550	2,247
Líon na nAchomharc a Fuarthas	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
An Clár Athluachála	68	0	1,271	20	1,842	0	0
Leasú	111	130	97	194	55	106	123
Láithreáin Fholmha	0	0	0	10	16	8	7
Láithreáin Thréigthe	2	10	2	10	8	4	20
Uilíoch	0	0	0	0	2	2	1
Iomlán	181	140	1,370	234	1,923	120	151
Líon na nAchomharc a Tugadh chun Críche	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
An Clár Athluachála	623	290	149	388	478	376	577
Leasú	31	93	143	64	46	44	139
Láithreáin Fholmha	0	0	0	2	4	0	16
Láithreáin Thréigthe	0	0	6	7	2	3	15
Iomlán	654	383	298	461	530	423	747


Achomhairc idir lámha amhail an 1 Eanáir 2022

Bhí 1,651 achomharc idir lámha ag tús na bliana, lenar áiríodh 56 cás leis an cúirteanna agus 82 cás a éisteadh agus a rabhthas ag feitheamh ar chinneadh ina leith.

2021 - Cásanna Achomhairc Athluachála a Tugadh chun Críche

Den 747 achomharc ar thug an Binse Luachála chun críche le linn 2021, bhain 577 díobh le hachomhairc athluachála.

Mar atá leagtha amach sa chairt seo a leanas, comhaontaíodh 426 (74%) de na hachomhairc sin gan éisteacht ó bhéal iomlán a bheith riachtanach, agus d'éist an Binse 32(5%) díobh agus eisíodh breithiúnas ina dhiaidh sin. Rinneadh na 119




achomharc eile (21%) a aistarraingt nó a chaitheamh amach.

Tá an miondealú ar na catagóirí maoinne sna 577 achomharc athluachála a tugadh chun críche in 2021 leagtha amach thíos.


B'ionann miondíol (siopaí), maoinne a úsáidtear i dtionscal agus oifigí agus 69% de na hachomhairc

athbhreithnithe a tugadh chun críche.

Sa chart seo a leanas maidir le Achomhairc Athluachála Dúnta 2021 (Cineál Maoin) cuirtear miondealú ar fáil ar an méid seo a leanas:



Leagtar amach sa chart seo a leanas líon na n-achomharc a tugadh chun críche le linn 2021 de réir limistéar riaracháin údarás rátála.



2021 - Cásanna Achomhairc Athbhreithnithe a Tugadh chun Críche


Is éard is Athbhreithniú ann an próiseas trína ndéantar maoin aonair a luacháil chun críocha rátála idir tréimhsí athluachála. D'fhéadfadh iarratais ar athbhreithniú teacht chun cinn mar gheall ar “Athrú Ábhartha ar Imthosca”⁹ ar mhaoin tráchtála nó tionscail reatha amhail síneadh nó dhá mhaoin nó níos mó a chónascadh nó maoin nua ar fad a chríochnú.

B'ionann achomhairc athbhreithnithe agus 139 ceann de na 747 achomharc a thug an Binse chun críche in 2021. Comhaontaíodh 71 ceann de na hachomhairc (51%) gan éisteacht ó bhéal iomlán a bheith riachtanach, agus d'éist an Binse 3 cinn (2%) agus eisíodh breith ina dhiaidh sin. Rinneadh an 65 achomharc eile (47%) a aistarraingt nó a chaitheamh amach.

⁹ Tugtar sainmhíniú ar Athrú Ábhartha ar Imthosca san Acht Luachála 2001. Is iad seo a leanas na príomhchritéir a bhaineann leis an riail Athrú Ábhartha ar Imthosca a bhaint amach:

1. Is maoin í an mhaoin a bhí ann cheana a bhfuil athrú tagtha ar a luach de bhua athruithe struchtúracha/fisiciúla (lena n-áirítear damáiste mar gheall ar thine nó mar gheall ar chúis fhisiciúil eile).
2. Is maoin í an mhaoin a bhí ann cheana atá roinnte anois in dhá mhaoin ar leith nó i níos mó ná dhá mhaoin.
3. Tá cónascadh déanta ar dhá mhaoin nó ar níos mó ná dhá mhaoin chun maoin amháin a dhéanamh astu.
4. Tá athrú ar stádas inráitilte maoin atá ann cheana. Tarlaíonn sé sin nuair nach bhfuil maoin a bhí inráitilte roimhe seo inráitilte a thuilleadh nó nuair atá maoin nach raibh inráitilte roimhe seo inráitilte anois.
5. Is maoin nua í an mhaoin agus ní dheanadh í a luacháil roimhe seo.


Revision Appeals Closed 2021



■ Appeal Heard - Judgment Issued ■ Appeal Agreed ■ Appeal Withdrawn


Tá an miondealú ar na catagóirí maoinne sna 139 achomharc athluachála a tugadh chun críche in 2021 leagtha amach thíos. B'ionann Oifigí, Maoinne a Úsáidtear i dTionscal, Miondíol (siopaí) agus oifigí agus 70% de na hachomhairc athbhreithnithe a tugadh chun críche.

Revision Appeals Closed 2021 (Property Type)



Leagtar amach sa chart seo a leanas líon na n-achomharc athbheithnithe a tugadh chun críche le linn 2021 de réir limistéar riaracháin an údaráis rátála.

Revision Appeals Closed 2021 (By Rating Authority)



2021 - Cásanna Achomhairc maidir le Láithreáin Thréigthe agus Láithreáin Fholmha a Tugadh chun Críche

I gcomparáid le hualach oibre foriomlán an Bhinse, is beag achomharc a fuarthas maidir le láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha. In 2021, thug an Binse 15 achomharc maidir le láithreáin thréigthe ag 16 achomharc maidir le láithreáin fholmha chun críche. Leagtar amach na mionsonraí a bhaineann leis na hachomhairc sin thíos.

Láithreáin Thréigthe		
Arna Thabhairt chun Críche trí	Údarás Rátála	
Comhaontú	Comhairle Contae Chorcaí	3
Comhaontú	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	1
Aistarraingthe	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	3
Aistarraingthe	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	7
Caite Amach	An Iarmhí	1
Iomlán		15

Láithreáin Fholmha		
Arna Thabhairt chun Críche trí	Údarás Rátála	
Comhaontaithe	Comhairle Contae Chorcaí	1
Aistarraingthe	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	2
Comhaontaithe	Comhairle Contae Fhine Gall	1
Aistarraingthe	Comhairle Chontae Chill Chainnigh	2
Comhaontaithe	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	1
Aistarraingthe	Comhairle Chontae Shligigh	4
Comhaontaithe	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas	1

Aistarraingthe	Comhairle Contae Thiobraid Árann	1
Comhaontaithe	Comhairle Chontae Chill Mhantáin	3
Iomlán		16

Caiteachas Vótáilte agus Fáltais

Feidhmíonn an Binse Luachála ina Oifig neamhspleách agus tá sé maoinithe faoi Fho-mhírcheann Vóta 16 mar atá leagtha amach in **Meastacháin Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí**. Clúdaítear dhá chlár faoi Vóta 16; Baineann Clár A le hobair na hOifige Luachála féin agus baineann Clár 16B le hobair riaracháin an Bhinse Luachála neamhspleách.

Is é an Coimisinéir Luachála (an Oifig Luachála) an tOifigeach Cuntasaíochta i ndáil le gach caiteachas agus ioncam faoi Vóta 16. Leagtar amach sa tábla seo a leanas caiteachas an Bhinse don tréimhse 2017- 2021.

	2017	2018	2019	2020	2021*
	€000	€000	€000	€000	€000
Leithdháileadh Vótáilte don Bhinse Luachála	1,090	1,099	1,349	1,349	1,349
Fo-mhírcheann 16 - Clár B – Seirbhísí Riaracháin a chur ar fáil do Tháirgeacht an Bhinse Luachála	2017	2018	2019	2020	2021
	€000	€000	€000	€000	€000
Tuarastail agus Pá	242	284	282	283	397
Caiteachas Neamhphá	338	487	508	344	274
Clár B – Caiteachas Reatha Iomlán	580	771	790	627	671

* Áirítear leis an leithdháileadh buiséid do 2021 uimhir chaipitil €250,000 chun córas comhtháite bainistithe cáis ICT a fhorbairt don Bhinse Luachála. Caitheadh €31,000 ar an bhfreastalaí cianda agus seirbhísí gaolmhara chun acmhainn líonra an VT a mhéadú chun freastal ar an líon foirne breise. Tabharfar faoi tuilleadh oibre i ndiaidh aistriú chórais ICT an Bhinse chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur i gcrích.

Ón 1 Eanáir 2022, aistríodh feidhmeanna an Bhinse Luachála ón Oifig Luachála chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ón dáta sin ar aghaidh, tiocfaidh maoiniú ó vóta na Roinne agus aistrefar foireann an Bhinse chuig an Roinn.

Acmhainn an Bhinse i ndáil le hUalach Oibre

Feidhmíonn oifig an Bhinse as dhá sheomra éisteachta achomhairc ar an láthair. Ar an meán, maireann éisteachtaí leathlá, ach mar gheall ar a chasta is atá cuid de na hachomhairc, d'fhéadfadh níos mó ná suí amháin a bheith ag teastáil chun iad a thabhairt chun críche. Mar sin féin, cuireadh éisteachtaí ó bhéal ar an láthair ar athlá ó lár mhí an Mhárta 2020. In 2021, rinneadh 95% d'achomhairc a chomhaontú nó a aistarraingt.

Is cuma má bhíonn éisteacht Binse iomlán ina thoradh ar achomharc a dhéanamh, ní mór don fhoireann riaracháin sa Bhinse Luachála tabhairt faoi mhéid suntasach oibre (déantar gach cás a ullmhú ar an mbonn go mbeidh éisteacht iomlán ag an mBinse mar thoradh air. Chomh maith leis sin, tugann comhaltaí an Bhinse Luachála faoi mhéid suntasach taighde agus réamhoibre i ndáil le gach cás a shanntar dóibh.

An Binse Luachála – Forbairtí Oibríochta

- Covid-19: Tá tionchar ollmhór ag an bpaindéim ar an mbealach a oibríonn an Binse agus tá ár gcumas achomhairc atá idir lámha a chinneadh laghdaithe dá barr. Chuige sin, cuireadh éisteachtaí ó bhéal siar ó mhí an Mhárta 2020.
- Leis an aidhm leanúint den mhéid is mó achomhairc a chinneadh agus arbh fhéidir, thosaigh an Binse ag éisteacht le hachomhairc go cianda ó lár na bliana 2020. Chun a chinntiú go raibh na rialacha agus nósanna imeachta céanna i bhfeidhm leis na cianéisteachtaí agus a bhíonn le héisteachtaí ó bhéal, chuir an Binse sraith prótacal i bhfeidhm chun tacú leis an bpróiseas d'fhonn cianéisteachtaí a eagrú, ullmhú dóibh agus iad a thionól. Is féidir prótacail cianéisteachta an Bhinse a fháil ar láithreán gréasáin an Bhinse <https://www.valuationtribunal.ie/about-us/publications/>
- D'fhonn nósanna imeachta na gcianéisteachtaí a dhaingniú, is é an Binse an comhlacht atá ainmnithe chun achomhairc a éisteacht go cianda faoin [Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil \(Forálacha Ilghnéitheacha\) 2020 \(Alt 31\) Ordú 2020 \(I.R. Uimh. 518/2020\)](#)

Tá cianéisteachtaí ina ngné shuntasach i gcónaí d'obair an Bhinse ar tríothu sin is féidir achomhairc a chur chun cinn ar bhealach níos cuíchóirithe agus sláine na n-éisteachtaí achomhairc a choinneáil ag an am céanna.

- Cé nach mbíonn gach achomharc oiriúnach chun cinneadh a dhéanamh ina leith trí chianéisteachtaí (bíonn saincheisteanna substainteacha dlí i gcroílár roinnt achomhairc agus bíonn éisteacht fhisiciúil ag teastáil mar gheall ar chastacht / an méid fianaise a ghabhann le hachomhairc dá leithéid) tá an Binse ag súil le líon suntasach achomharc a chur chun cinn trí chianéisteachtaí d'fhonn dlús a chur leis an líon is fearr achomharc agus is féidir.
- Tá an Binse Luachála faoi thionchar custaiméirí agus dá bharr sin, ní féidir an t-ualach oibre i ndáil le hachomhairc a thuar go cruinn ós rud é go bhfuil sé sin ag brath ar cibé a ndéanann íocóirí rátaí tráchtála achomharc in aghaidh luacháil a dhéantar ar a maoin nó nach ndéanann. Ar an mbealach céanna, tá an méid céanna i gceist i ndáil le hachomhairc athbhreithnithe agus achomhairc a dhéantar in aghaidh an luach margaidh a leagann údarais áitiúla síos i gcás láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha.

Comhaontú Maoirseachta

Sonraítear sa **Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú** gur chóir go mbeadh socruithe maoirseachta i scríbhinn ag Ranna le Comhlachtaí Stáit atá faoina gcoimirce i gcomhréir le scála, cineál, freagrachtaí agus feidhmeanna an Chomhlachta Stáit. Tá dea-rialachas san earnáil phoiblí ann lena chinntiú go mbaineann eintitis a gcuid torthaí beartaithe amach de réir mar a shainmhínítear ina reachtaíocht rialaithe agus Ráitis Straitéise le linn gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.

D'fhéadfadh sé nach mbaineann riachtanais áirithe den chód go díreach leis an mBinse, mar gheall ar chineál agus scála ár ngníomhaíochtaí, na hacmhainní atá ar fáil, agus ár reachta rialaitheacha.

Chuige sin, tá Comhaontú Maoirseachta ag an mBinse leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don tréimhse 2020-2021. Is é an cuspóir atá leis an gComhaontú Maoirseachta téarmaí an chaidrimh atá idir an Binse Luachála agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shainmhíniú mar a shamhlaítear iad faoi alt 8.4 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Leagtar amach na socruithe rialachais a bhaineann leis an mBinse sa Chomhaontú agus tá sé mar aidhm leis soiléireacht i ndáil le cuntasacht, róil agus freagrachtaí an Bhinse agus na Roinne a chinntiú, le súil go gcomhlíonfaidh an Binse a fheidhmeanna reachtúla ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Plean Straitéiseach an Bhinse Luachála 2021-2023

Príomhfhreagracht atá ar gach Comhlacht Stáit is ea plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh. Leagtar amach i bpleananna dá leithéid cuspóirí agus spriocanna cuí agus aithnítear táscairí agus aidhmeanna lenar féidir feidhmíocht a mheá go soiléir. Thug an Binse Luachála a *Phlean Straitéiseach 2021-2023* chun críche agus d'fhoilsigh sé é in Aibreán 2021.

Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach ár n-uaimhianta agus ár dtreo straitéiseach don chéad trí bliana eile. Trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean, tacaítear leis an sprioc uileghabhálach atá againn maidir leis an tseirbhís is éifeachtúla a chur ar fáil do dhaoine a ghlacann páirt sa phróiseas achomhairc. Is iad na trí chuspóir straitéiseacha do thréimhse trí bliana na Straitéise atá ag teastáil chun an próiseas achomhairc a nuachóiriú, ionas go ndéileálfar le cásanna ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tráthúla, ná;

Rialachas agus Maoirseacht níos fearr

- Oibreoidh an Binse i gcomhréir leis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil agus Comhaontú Maoirseachta a fhorbairt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. **(Cuspóir Straitéiseach 1)**

An Binse a Athrú ó Bhonn agus é a Chumasú

- Oibreoidh an Binse i ndlúthchomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun plean fórsa oibre a fhorbairt chun atheagrú a struchtúir fhoriomláin a éascú. **(Cuspóir Straitéiseach 2)**

An Próiseas Achomhairc ICT a Nuachóiriú

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na cleachtais oibre reatha ar fud an phróisis achomhairc chun réimsí a aithint inar féidir éifeachtúlacht a chruthú do dhaoine atá rannpháirteach sa phróiseas agus próiseas achomhairc níos fearr a chruthú don saoránach trí úsáid níos fearr a bhaint as cleachtais nua-aimseartha ICT. **(Cuspóir Straitéiseach 3)**

Saoráil Faisnéise

Tá feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise i ndáil leis an mBinse Luachála. Tá tuilleadh faisnéise maidir le feidhmeanna agus taifid agus na rialacha agus cleachtais atá ag an mBinse Luachála ar fáil sa [Leabhar Tagartha do chodanna 15 & 16 – Treoir maidir le Feidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Cleachtais an Bhinse Luachála](#) a fhoilsítear i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

Le linn 2021, fuair an Binse iarratas amháin faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Faisnéis a Sholáthar chuig Comhaltaí an Oireachtais

I gcomhréir le D/PER Ciorclán 25/2016 – **Prótacal maidir le Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais ó Chomhlachtaí Stáit faoi choimirce Ranna Rialtais**, déanann an Binse (ó R2 den bhliain 2020 i leith) seoladh ríomhphoist tiomnaithe a chur ar fáil agus a chothabháil do chomhaltaí an Oireachtais. Féachann an Binse le cloí le spriocdhátaí agus caighdeáin i ndáil le ceisteanna a admháil agus a fhreagairt agus tabharfar tuairisc ar bhonn bliantúil maidir leis na caighdeáin a leagtar amach i gCiorclán 25/2016 a chomhlíonadh. Fuair an Binse 2 ceist ó Chomhaltaí an Oireachtais le linn na bliana 2021.

Táillí a Bailíodh

Tá achomhairc chuig an mBinse faoi réir táille fhorordaithe atá iníoctha ag an duine a dhéanann an t-achomharc atá i gceist. Meastar táillí a íoctar leis an mBinse Luachála a bheith ina Leithreasáí i gCabhair. In 2021, b'ionann táillí achomhairc a fuair an Binse agus €47,210 agus bhí siad mar chuid den leithreas i gcabhair chuig an Oifig Luachála.

Leagtar amach na táillí reatha atá iníoctha i ndáil le gach cineál achomhairc in [Aguisín C](#).

Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Cuireann sé rialúchán ar fáil i ndáil le sonraí pearsanta lena n-airítear eagraíochtaí a bheith á mbailiú agus á n-úsáid agus cuireann sé rialúchán ar fáil maidir leis na sonraí sin a chosaint. Tá sé de cheart ag daoine aonair, inter alia, cóip a fháil d'fhaisnéis ar bith a bhaineann leo a choinníonn an Binse Luachála. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na sonraí a choinníonn an Binse leagtha amach inár [mBeartas Príobháideachais](#), ar féidir a fháil ag ár láithreán gréasáin www.valuationtribunal.ie.

Bainistíocht Riosca

Tá Clár Rioscaí ullmhaithe ag an mBinse Luachála i gcomhréir le treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá cothabháil an chláir leagtha amach lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus go gcuirtear bearta maolaitheacha i bhfeidhm de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

Is é an Cláraitheoir a chuireann an Clár Riosca, ina gcuimsítear bearta maolaitheacha, le chéile thar ceann an Bhinse Luachála agus déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach.

Mar léiriú ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, ba iad na rioscaí leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist don Bhinse Luachála (agus a d'fhéadfadh fós a bheith i gceist):

- Impleachtaí leanúnacha a bhaineann le Covid-19 ag dréim le srianta sa mheántearma / fadtearma
- Éagumas maidir le líon na gComhaltaí atá ag an mBinse a mhéadú chun déileáil le níos mó achomharc in aghaidh na bliana
- Líon Foirne neamhleor ag an mBinse Luachála chun an líon níos mó achomharc atá idir lámha a chur chun cinn
- ICT a nuachóiriú

Tá an Binse Luachála agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a mbun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin trí phlean fórsa oibre mionsonraithe nua agus cóiríocht oifige i ndáil le cás gnó a chur i dtoll a chéile. Chomh maith leis sin, tá painéal ann d'iarratasóirí a mheastar iad a bheith oiriúnach i ndiaidh Próisis Earcaíochta Ceapachán Poiblí a chuirfidh ar chumas an Bhinse a chomhaltas a mhéadú, más gá sin a dhéanamh.

Tá bearta maolaitheacha curtha i bhfeidhm / á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí a aithnítear thuas agus tugadh na gníomhaíochtaí seo a leanas chun cinn le linn na bliana 2021 le súil an Bhinse a athrú chuig samhail oibriúcháin níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus sin a éascú:

- Líon Foirne: D'fhostaigh an Binse 6 ball foirne breise le linn na bliana 2021 (a thug an leibhéal foirne lánaimseartha go dtí 15, agus cé go bhfáiltítear roimh an méadú ar líon na foirne, beidh an tsamhail oibriúcháin bharrmhaith amach anseo faoi réir plean fórsa oibre mionsonraithe a fhorbrófar i gcomhairle leis an Roinn agus leis an Oifig Luachála.
- Comhlachas Níos Mó: I mí na Nollag 2021, cheap an tAire ceathrar comhaltaí breise ar an mBinse ón bpainéal reatha, ar trí sin a tugadh comhaltas an

Bhinse suas le 35. Leanfaidh an Binse de chomhaltas an phainéil a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach ar fáil lena sannadh chun achomhairc a éisteacht.

- Éifeachtúlacht Ghníomhaíochtaí an Bhinse: Tá scrúdú agus athbhreithniú déanta ag an mBinse ar an mbealach a oibríonn sé sceideal na n-éisteachtaí. Déanfaidh an Binse monatóireacht ar fheidhmiú chóras "scairt anall" an Bhinse chun a chinntiú go bhfuil sé ag oibriú ar an mbealach is éifeachtaí.
- D'fhonn leanúnachas gnó a chinntiú, d'fhorbair an Binse Plean Freagartha um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, a ndéanann sé monatóireacht air i gcónaí, le go mbeadh baill foirne in ann bheith i láthair in oifig an Bhinse ar bhonn agaithe i gcomhréir le treoir an Rialtais. Tá obair ar féidir tabhairt fúithi sa bhaile leagtha ar na baill foirne nach bhfuil san oifig. Ó Márta 2022 i leith, d'fhill na baill foirne ar fad ar an oifig ar uainchlár rollach mar chuid den bheartas i ndáil le hobair chumaisc.
- Reáchtáil an Binse a chéad chianéisteacht i ndeireadh mhí Iúil 2020. D'éirigh go maith leis na cianéisteachtaí agus táthar ag súil go mbeimid in ann líon suntasach cianéisteachtaí a reáchtáil i ngnáthchúrsa na samhla oibriúcháin amach anseo.

Cairt Custaiméirí an Bhinse Luachála

Tá cairt custaiméirí ullmhaithe ag an mBhinse Luachála ina leagtar amach an leibhéal seirbhíse is féidir le custaiméirí bheith ag súil leis. Tá an cairt curtha ar taispeánt ar ár láithreán gréasáin (faoin leathanach “[foilseacháin](#)”) agus sonraítear tiomantas an Bhinse i leith seirbhísí a chur ar fáil dár gcustaiméirí i gcomhréir leis an dá Phrionsabal déag maidir le Scoth Seirbhíse do Chustaiméirí a chur ar fáil do Chustaiméirí agus Cliant de chuid na Seirbhíse Poiblí. Chomh maith leis sin, cuirtear eolas ar fáil do chustaiméirí maidir le meicníochtaí teagmhála agus aiseolais.

Nochtuithe Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a chur ar bun agus a choinneáil chun déileáil le nochtuithe cosanta. I gcomhréir le halt 21(2) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, chuir an Binse faisnéis i scríbhinn ar fáil dá chuid fostaithe maidir leis na nochtuithe cosanta atá bunaithe agus á gcoinneáil.







Le linn 2021, ní dharna fostaí ar bith de chuid an Bhinse Luachála aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta.

Ráta Luach Saothair Chomhaltaí an Bhinse Luachála

“Íoctar comhaltaí i gcomhréir leis an Sceideal Táillí a cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí na Nollag 2020 i leith achomhairc a éisteacht, freastal ar chruinnithe rannáin, breitheanna a scríobh nó a athbhreithniú, in éineacht le liúntas taistil agus cothabhála.”

Tá an sceideal táillí leagtha amach in [Aguisín D](#).

Aguisín A – Struchtúr Rialachais an Bhinse Luachála

Body	Accountable Person	Officer in the Department of Housing, Local Government and Heritage liaising with the Body	Principal Functions of the Valuation Tribunal	Primary Governing Legislation	Exchequer Funding Source
					
Valuation Tribunal	The Registrar of the Valuation Tribunal	Principal Officer, Local Government HR and Governance of State Bodies	<p>Hearing and determining appeals against decisions of the Valuation Office in relation to the valuation of relevant property for rating purposes</p> <p>Appeals against market value of a derelict site</p> <p>Appeals against market value of a vacant derelict site</p>	<p>Valuation Acts 2001 -2015</p> <p>Derelict Sites Act 1990</p> <p>Urban Regeneration and Housing Act 2015</p>	Voted Revised Estimates Vote 16, Programme B

Aguisín B – Comhaltas an Bhinse Luachála

Ainm	Ceapadh den Chéad Uair	Athcheapadh	Dáta Éaga	Cineál Poist
Allen Morgan	05/11/2018		04/11/2023	Comhalta Binse
Annamarie Gallivan	26/02/2019		25/02/2024	Comhalta Binse
Barra McCabe	01/05/2018		30/04/2023	Comhalta Binse
Barry Smyth	15/01/2014	26/02/2019	25/02/2024	Leaschathaoirleach
Carol O'Farrell	21/06/2013	29/06/2018	28/06/2023	Cathaoirleach
Caroline Murphy	01/05/2018		30/04/2023	Comhalta Binse
Claire Hogan	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta Binse
Dairine Mac Fadden	18/12/2015	19/12/2021	17/12/2025	Leaschathaoirleach
Dolores Power	04/07/2013	04/07/2018	03/07/2023	Leaschathaoirleach
Donal Madigan	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Leaschathaoirleach
Eamonn Maguire	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta Binse
Elaine Torpey	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta Binse
Eoin McDermott	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Leaschathaoirleach
Fergus Keogh	05/11/2018		04/11/2023	Comhalta Binse
Frank O'Grady	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Comhalta Binse
Gerard O'Callaghan	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta Binse
Hugh Markey	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leaschathaoirleach
John Stewart	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leaschathaoirleach
Kenneth Enright	01/05/2018		30/04/2023	Comhalta Binse
Liam Daly	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta Binse
Majella Twomey	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leaschathaoirleach
Martin Connolly	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta Binse
Michael Brennan	05/11/2018		04/11/2023	Comhalta Binse
Orla Coyne	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta Binse
Patricia O'Connor	05/11/2018		04/11/2023	Comhalta Binse
Raymond J. Finlay	05/11/2018		04/11/2023	Comhalta Binse
Rory Hanniffy	27/04/2012	27/04/2017	26/04/2022	Leaschathaoirleach
Rowena Mulcahy	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta Binse
Sarah Reid	26/02/2019		25/02/2024	Comhalta Binse
Stephen J. Byrne	21/06/2013	29/06/2018	28/06/2023	Leaschathaoirleach
Úna Ní Chatháin	26/02/2019		25/02/2024	Comhalta Binse
Thomas Kearns	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta Binse
Brian Meldon	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta Binse
Killian O'Higgins	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta Binse
Peter Stapleton	19/12/2021		18/12/2026	Comhalta Binse
Pat Riney	11/06/2001	29/07/2016	28/07/2021	Comhalta Binse
Dearbhla Cunningham	19/12/2016		18/12/2021	Leaschathaoirleach
Iomlán 2021				

Aguisín C – Táillí Achomhairc Iníoctha

Táillí iníoctha maidir le hachomhairc <u>Athluachála</u> chuig an mBinse Luachála	
Luach na maoinne mar a chinneann an Coimisinéir Luachála	Táille Achomhairc
Nach mó ná €20,000	€95
Níos mó ná €20,000 agus nach mó ná €50,000	€125
Níos mó ná €50,000 agus nach mó ná €250,000	€300
Níos mó ná €250,000	€500

Táillí iníoctha maidir le hachomhairc Chaighdeánacha <u>Athbhreithnithe</u> chuig an mBinse Luachála:	
Luach na maoinne mar atá luaite ar an Deimhniú Luachála nó ar an bhFógra Luachála	Táille Achomhairc
Nach mó ná €50	€95
Níos mó ná €50 agus nach mó ná €150	€125
Níos mó ná €150 agus nach mó ná €650	€300
Níos mó ná €650	€500

Táillí iníoctha maidir le <u>hAchomharc i ndáil le Láithreáin Thréigthe</u> chuig an mBinse Luachála	
Luach na maoinne mar a chinneann an Freagróir	Táille Achomhairc
Nach mó ná €65,000	€60
Níos mó ná €65,000 agus nach mó ná €130,000	€125
Níos mó ná €130,000	€190

Táillí iníoctha maidir le <u>hAchomharc i ndáil le Láithreáin Fholmha</u> chuig an mBinse Luachála	
Luach na maoinne mar a chinneann an tÚdarás Áitiúil	Táille Achomhairc
Nach mó ná €100,000	€165
Níos mó ná €100,000 ach nach mó ná €500,000	€350
Níos mó ná €500,000 ach nach mó ná €1,000,000	€500

Níos mó ná €1,000,000

€1,000

Aguisín D - Ráta Luach Saothair Chomhaltaí an Bhinse Luachála

Achomhairc a shanntar chuig rannán de chuid an Bhinse atá comhdhéanta de 3 chomhalta faoin Acht Luachála 2001, Sceideal 2, Alt 3(4), arna leasú.

	Cathaoirleach		Leaschathaoirleach	Gnáthchomhalta
	Abhcóide Sinsir	Abhcóide Sóisir		
Táille in aghaidh an lae ¹⁰	€925.00	€875.00	€730.00	€650.00
Achomharc aistarraingthe	€462.50	€437.50	€365.00	€325.00
Achomharc socraithe	€520.00	€462.50	€424.00	€340.00
Seisiún aonair	€462.50	€437.50	€365.00	€325.00

Breithiúnas scríofa a ullmhú	Fee
Dréachtbheithiúnas dlí agus candaim casta	€1,500
Dréachtbheithiúnas candaim caighdeánach	€510
Athbheithniú ar dréachtbheithiúnas	€175

Achomharc ar bhonn cáipéisíocht scríofa a shanntar chuig rannán de chuid an Bhinse atá comhdhéanta de 1 comhalta faoin Acht Luachála 2001, Sceideal 2, Alt 4(2), arna leasú.

Achomharc candaim aonair

¹⁰ Tá an táille in aghaidh an lae bunaithe ar an mBinse a bheith ag suí do dhá sheisiún in aghaidh an lae.

Luach an achomhairc de réir an Deimhnithe Luachála Deiridh	Táille
Suas le €50,000	€650
€50,001 go €250,000	€850
€250,001 agus níos airde	€1,050

Achomharc candaim baiscthe

Líon Achomharc Cinnte	Luach is airde an Achomhairc i mBaisc de réir an Deimhnithe Luachála Deiridh	Táille	Táille do gach aon Bhreithiúnas Breise i mBaisc
2 nó níos mó	Suas le €50,000	€650	€100
	> ná €50,000	€850	€100

Achomharc dlí

Táille	€1,850
---------------	--------

gov.ie/housing

